Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/90479

6.6.2025

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le micreacháithníní polaiméire sintéisí**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 238 an 27 Meán Fómhair 2023)*

Ar leathanach 77, i mír 1 de cholún 2 den tábla san Iarscríbhinn, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006:

*in ionad:* 'Ní dhéanfar iad a chur ar an margadh mar shubstaintí ina n-aonair nó, i gcás ina bhfuil na micreacháithníní polaiméire sintéisí ann chun saintréith inmhianaithe a thabhairt, i meascáin i gcomhchruinniú cothrom le 0,01 % de réir meáchain nó níos mó ná sin.',

*cuirtear:* 'Ní dhéanfar iad a chur ar an margadh ina n-aonar nó, i gcás ina bhfuil na micreacháithníní polaiméire sintéisí ann chun saintréith inmhianaithe a thabhairt, i meascáin i gcomhchruinniú cothrom le 0,01 % de réir meáchain nó níos mó ná sin.'.

Ar leathanach 78, i mír 4(a) de cholún 2 den tábla san Iarscríbhinn, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006:

*in ionad:* 'micreacháithníní polaiméire sintéisí, mar shubstaintí ina n-aonair nó i meascáin, le húsáid ag láithreáin thionsclaíocha.',

*cuirtear:* 'micreacháithníní polaiméire sintéisí ina n-aonar nó i meascáin, le húsáid ag láithreáin thionsclaíocha.'.

Ar leathanach 78, sa chéad fhomhír de mhír 5 de cholún 2 den tábla san Iarscríbhinn, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006:

*in ionad:* 'Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na micreacháithníní polaiméire sintéisí seo a leanas a chur ar an margadh, mar shubstaintí ina n-aonar nó i meascáin:',

*cuirtear:* 'Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na micreacháithníní polaiméire sintéisí seo a leanas a chur ar an margadh ina n-aonar nó i meascáin:'.